Déarfadh na daoine a bhíonn i mbun páistí go lánaimseartha nach bhfuil post acu nó nach mbíonn siad ag obair i ndáiríre. Dá mbeadh post 'oifigiúil' acu, bheadh a lán buntáistí acu: am tosaithe agus am críochnaithe, mar shampla. Bheadh sos caife agus sos lóin acu agus bheadh an t-am acu a guid smaointe féin a bheith acu agus iad ag taisteal chuig an obair agus ar ais! D'fhéadfaidís culaithe mhaith éadaigh a chaitheamh gan an baol a bheith ann go ndoirtfí bainne nó seacláid nó rud éigin níos measa orthu.

Labhraimis faoi thasc simplí ar nós na siopadóireachta. Má tá báibín agat caithfidh tú an oiread céanna trealaimh\* a thabhairt leat is a thabharfá leat dá mbeifeá ag dul ar saoire, ar eagla na heagla: clúidíní\*, buidéal, bíbí, athrú éadaigh, cairrín srl. Má tá duine nó beirt eile faoi bhun 5 bliana leat, caithfidh tú féachaint chuige go dtéann siad chuig an leithreas roimh ré agus go bhfuil cúpla bréagán leo.

trealamh - equipment  
clúidíní - nappies  
cairrín - buggy


13

aclaíocht  
aicmíocht  
aiféaltas  
aimsigh  
ainneoin, in a.  
airigh, a. ó  
áisiúil  
áitigh ar  
allas, ag cur a.  
amh  
amháil is  
amhlaidh  
arracht  
athchúrsáil

babhta  
bailigh  
bainis  
ball  
banda snámha  
baol  
barrúil  
beacht, go b.  
béasach  
béic  
béim  
bog  
boladh

exercise  
cliquishness  
embarrassment  
find, spot  
despite  
to miss  
handy  
to persuade  
sweating  
raw  
as if  
in this way  
monster  
recycle

turn  
to collect  
wedding  
member  
arm band  
danger  
funny  
exactly  
polite  
to shout  
emphasis  
to move  
smell  
rough



# An Tobar

Ruaidhrí Ó Báille

C.J. Fallon

## An Tobar

"Cá raibh mé aréir?"

Bhí Seán Ó Briain ina luí ar a leaba agus, arís, bhí sé ag caint leis féin. D'fhéach sé ar a bhríste a bhí caite ar chathaoir in aice leis an leaba. Bhí cúpla pingin faoin gcathaoir a thit amach agus é ag baint a chuid éadaí de ar a trí a chlog an mhaidin sin. Léim sé as an leaba.


"Bhí seasca punt agam aréir!"

D'fhéach sé ina phócaí go tapa. Ní raibh aon airgead ann. Chuaigh sé go dtí a chasóg a bhí ar an urlár. Chuir sé a lámh isteach i ngach póca. Níor tháinig sé ar aon rud.

"Cá raibh mé aréir?"

Bhí sé cinnte go bhfuair sé seasca punt ag an dól inné. Chuaigh sé isteach, scríobh sé a ainm ar an líne, agus thug an cailín an t-airgead dó. Sé nóta nua £10. Ach cá ndeachaigh sé ansin? Bhí a fhios aige go raibh sé ag caint le King go luath sa lá, ach ní raibh a fhios aige cad a rinne sé ina dhiaidh sin.

Ba mhaith leis rud éigin a ithe mar ní raibh aon rud aige le fada. Bhí sé anois a dó dhéag a chlog sa tráthnóna agus bhí sé fiche uair ó d'íth sé béile. Ní



Áine Uí Fhoghlú

# Labhair amach.com

## CIARA

"A Chiara! A Chiara! Á, ná himigh uainn mar sin. Ní theastaíonn uainn ach labhairt leat. Féach an seanchóta atá uirthi, a chailíní. Caithfidh gur as siopa carthanais\* a fuair a tuismitheoirí di é!"

An guth sin. Gach uair a chloisinn é d'fhéadainn mo chroí a bhrath ag éirí chomh trom le cloch mhór i mo lár. Nuair a shiúladh sí isteach i seomra d'éalaíodh an ocsaigin ar fad amach as ionas gur ar éigean a d'fhéadfaínn m'anáil a tharraingt. Sandra Ní Dhúil. B'fhuath liom a hainm a lua, fiú gan na focail a rá, ach díreach i m'intinn féin, go cúin.

"A tuismitheoirí? Huth! Nach bhfuil a fhios ag an saol mór nach bhfuil aon athair aici!" Emma a bhí ag caint anois. Duine dá lucht leanúna dílis. Uaireanta ba chosúil go mbíodh eagla ar Emma

## Foclóir

### LEATHANACH 1

An Tobar The Well  
aréir last night  
in aice leis beside  
ag baint removing  
casóg jacket  
go luath early  
le fada for a long time  
béile a meal  
cibé whatever  
rud thing  
cibé ar bith in any case  
nuacht news

### LEATHANACH 2

bhain sé he removed  
caipín cap  
reite frozen  
uaidh from him  
go talamh to the ground  
cosúil like  
a mhac his son  
sa gheimhreadh in the  
winter  
ní raibh aithne cheart aige  
he didn't know properly  
thuig sé he understood  
ag caoineadh crying  
ag caint some day

anocht tonight  
ní féidir liom I'm not able to  
fanacht stay  
gan caint. without speaking

### LEATHANACH 3

cheana already  
fós yet  
amuigh outside  
briseadh a break  
boladh smell  
cinnte certain  
ró-mhall too slow  
post a job  
a athair féin his own father  
an rud céanna the same  
thing

### LEATHANACH 4

glór Meiriceánach American  
voice  
róthrom too heavy  
má chaitim if I throw  
ag díriú pointing  
ag cuidiú helping  
tart thirst  
ag fanacht staying


### LEATHANACH 5

an éigin some time

## Gluais

á sá go hac ionam  
ag iomarscáil  
ag spochadh as  
ag teannadh suas liom  
ag tréaslú liom  
ag tromaocht  
an bhíob  
an tslí inar chaith siad liom  
an-ghrástúil  
aoichainteoir  
ar mhullach a cinn  
araid rothaí  
ardú meanman  
athrú meoin  
barr maisiúil  
béal faoi  
bhagraíomar  
bhainfínn dea-phreab aisti  
buail fút  
carbhall mo bhéil  
ceilfe  
cianrialtán  
cíocha  
ciumhais  
cúin na síde

stabbing me through  
wrestling  
teasing / upsetting him  
coming closer  
congratulating me  
bullying  
nastiness  
how they treated me  
very graceful  
guest speaker  
on the top of her head  
wheeble bin  
my spirits were lifted  
change of attitude  
fancy top  
upside down  
we nodded  
I'd surprise her  
sit down  
the roof of my mouth  
hidden  
remote control  
breasts  
edge  
the catch of the zip



Ní RAIBH ACH DUINE AMHÁIN de na múinteoirí a bhí in ann ag rang na hidirbhliana agus b'in í Iníon Ní Mhainnín. Bhí sí beagnach seachtó bliain d'aois agus bhí oideachas curtha ar athair agus ar mháthair gach uile dhuine sa pharóiste aici, geall leis, agus bhí faitíos an tsaoil mhóir orainn uile roimpi.

Mar sin, nuair a dúirt sí: 'Anois, tá taithí oibre leagtha amach daoibh féin agaibh uile, nach bhfuil?' sméideamar uile uirthi ag tabhairt le fios go raibh. Ní raibh tada socraithe agam féin. Bhí dearmad glan déanta agam ar an taithí oibre. Bhí, agus ag breathnú ar mo chuid cairde, ba léir go raibh dearmad déanta acusan freisin uirthi.

Chuaigh mé ar mo mharana. Ba mhór ab fhiú go raibh Seán Ó hArcáin aois gadhair ag insint di faoin gcomhrá fada a bhí aige lena uncail, an feirmeoir – bheadh fail agam le bheidh ag smaoinéamh ar fhreagra. B'eo amach agam le m'fhón póca agus chuir mé téacs chuig Breandán.

**1 Oíche Fhliuch**

Stop an líne fhada carranna arís. Stop Pól Ó Laoi a charr féin agus luigh sé siar sa suíochán. Bhí sé ag tiomáint an lá ar fad agus bhí sé tuirseach. Ní raibh uaidh anois ach titim isteach ina leaba. Dhún sé a shúile agus d'éist sé leis an mbáisteach a bhí ag bualadh go rithimeach ar chorp agus ar fhuinneoga an chairr. Go mall mall réidh thosaigh sé ag titim a chodladh; síos síos isteach sa chíunas dorcha. Chuala sé daoine ag caint áit éigin. D'oscail sé a shúile agus d'fhéach sé timpeall le hiontas. Bhí sé ina ghairdín cúl. Bhí a bhean chéile agus a mhac ann. Bhí an ghrian ag taitneamh agus bhí siad ag ithe dinnéir faoi pharasól mór dearg. Gheal a chroí le háthas nuair a chonaic sé a mhac. D'oscail sé a bhéal chun rud éigin a rá leis ach go tobann thosaigh an teiléafón ag bualadh istigh sa teach. "Sandra! arsa an fear óg agus thosaigh sé ag rith i dtreo an tí. D'fhéach Pól ina dhiaidh go brónach. Ba mhaith leis cúpla focal a bheith aige leis. Ba mhaith leis. . .

Bifíffíffíffí!!

Dhúisigh sé de phreab. Bhí an trácht ag imeacht arís agus bhí deifir abhaile ar an tiománaí a bhí ina dhiaidh. Chuir sé an carr i ngiar agus as go brách leis.

Bhí sé ag éirí dorcha nuair a shroic Pól a theach féin faoi dheireadh. Bhí sé fós ag báisteach go trom. Pháirceáil sé an carr agus rith sé chun an dorais agus a chóta thar a cheann aige.

"A Dheirdre! Cá bhfuil tú? Tá mé ar ais!"

Ní bhfuair sé aon fhreagra. Chuala sé caint sa chistin.

**DÉ DOMHNAIGH 3Ú IÚIL 1994**

'Cosúlacht dhá thrian na hoibre'

*Looking like you're working is two thirds of the job. My Dad says he always carries papers with him to make it look like he's doing something.*

Bhí codladh istigh agam ar maidin. Dhúisigh mé ag 11. Tháinig a lán tuismitheoirí ar cuairt.

Chuaigh Keith amach lena athair agus lena uncail. I was like a dog looking out the window forlornly for our Opel Kadett to arrive. Níor tháinig mo chlann.

I wasn't the only one who was abandoned.

Níor tháinig tuismitheoirí Felicity ná tuismitheoirí Chliona. So the three of us hung out together ag imirt cártaí (Spir).



Bhí sé aisteach sa Halla with so few students around.

73

**GLUAIS**

ag dearcadh <i>looking</i>	clabhtha <i>cloud</i>
ag scinneadh <i>hurling</i>	claí teorann <i>boundary ditch</i>
amadán críochnaithe <i>complete fool</i>	cluain <i>beguilement</i>
an ealaín seo <i>this caper</i>	níor chuir sé sin an chluain orm <i>that didn't fool me</i>
An Marasclach Marshall aobh <i>smile</i>	cóir máireach <i>right or wrong/at all costs</i>
ar a n-aire <i>on their guard</i>	comhalta <i>member</i>
ar ballchrith <i>trembling from head to toe</i>	cruthúnas <i>proof</i>
ardvoltas <i>high voltage</i>	cuachta <i>curled up</i>
bagairt <i>threat</i>	cúailte <i>cool</i>
báiníníoch <i>pale</i>	de ruid <i>in a rush</i>
béaldath <i>lipstick</i>	dordán <i>buzzing</i>
bodóg <i>heifer</i>	drithlíni eagla <i>the creeps</i>
bogach <i>soft ground</i>	gabfaimís seo amach ann <i>let's go there</i>
bonn <i>sole of foot</i>	thug sé do na boinn é <i>he ran for it</i>
bos le bos <i>high five</i>	feac <i>handle</i>
braon anuas <i>leak from above</i>	finnéithe <i>witnesses</i>
breabaireacht <i>bribery</i>	giúrléidí <i>implements</i>





**CAIBIDIL I**

**IRISLEABHAR SHEOIN UÍ EARCAIR**  
**(ón ngearrscríbhinn bhunaidh)**

**3 Bealtaine, Bistritz** - D'fhág mé München ar 8.35 p.m., Lá Bealtaine agus ráinig mé Vín i moiche maidine arna mhárach; ar 6.46 bhí an traicín le bheith ann, ach bhí sí uair an chloig déanach. Níor mhuinín liom dul rófhada ón stáisiún i mBúdaipeist, mar nach raibh an traicín istigh in am agus go gcaithfeadh sí bogadh arís mar a bhí beartaithé di. Ba mhalartú iarthar ar Oirthear liomsa é; bhíomar i measc iarsma smachta na dTurcach iar ndul dúinn thar an droichead is iartharaí de dhroichead dhaingne na Danóibe atá go leathan domhain san áit sin. Bhogamar in am is i dtráth, go rángamar Clausenburg le crónú na hoíche. Chaith mé an oíche ann ag an Hotel Royale. Leagadh romham chun dinnéir, nó suipéar ba chóra a rá, sicín a ullmhaíodh ar chuma éigin le piobar dearg. Bhí sé go blasta biogach biadhmail ach bhí ábhar iota go dóite ann.

Níorbh é mo dhearmad cuairt a thabhairt ar Iarsmalann na Breataine fad a bhí mé i Londain agus chuardaigh mé a raibh de leabhair agus de léarscáilanna ar an Trasalváin sa leabharlann ann; rith sé liom gur mhór an áis dom beagán colais roimh ré a bheith agam ar an tír nuair a bheinn ag plé le duine dá huaisle. Feicim go bhfuil an dúiche a d'ainmnigh sé istigh...




**Caibidil 1**

*Cín Lae Jonathan Harker*

**3 Bealtaine. Bistritz** - D'fhág mé München ar an gcéad lá de Bhealtaine agus bhain mé Vín amach go luath an mhaidin dár gcionn. Déarfainn gur áit iontach í Búdaipeist, ón radharc breá a fuair mé uirthi ón traicín, agus is trua nach raibh deis agam stopadh ann. Soir atá m'aghaidh i gcónaí, i dtreo Shléibhte Cairp, agus is mór an dífríocht idir an tírdhreach seo agus tírdhreach Shasana.

Sular chrom mé ar an aistear seo, thug mé cuairt ar Mhusaem na Breataine agus léigh mé a lán faoi stair na Trasalváine - nach fiáin diamhair an áit í. Ní raibh mé in ann teacht ar mhapa ceart den dúiche agus is cinnte nach bhfuil a fhios agam go beacht conas teacht ar Chaisleán Dracula. Ba é an Cunta Dracula a d'ainmnigh an baile seo, Bistritz - ní mór dom an t-eolas uile a bhreacadh síos i dtreo is go mbeidh mé in ann an sceál iomlán a thabhairt do Mhina.

Codladh corrach a rinne mé aréir cé nach raibh aon easpa compoid orm. B'ait iad na taibhrimh a rinneadh dom agus ba ghlé, ar uairibh: níorbh aon chabhair é an gathar lasmuigh den fhuinneog agus é ag amhastrach go lá bán.



CAIBIDIL 1

**ROIMH AN gCOGADH**

N i chreidfeadh duine ar bith i mblianta deiridh an naoú céad déag go raibh súil ghéar ghrinn ar imeachtaí an domhain seo ag neacha ar mhó a n-intleacht ná intleacht an duine, ach dá ainneoin sin, a bhí chomh básmar linn féin. Ní chreidfeadh duine ar bith ach an oiread go raibh dianscrúdú agus géar-iniúchadh á dhéanamh ar an gcine daonna a fhad a bhí siad i mbun a ngnóthaí, go díreach mar a dhéanadh fear na feithidí bídeacha a fheictear i mbraon uisce a chur faoin micreascóp agus iad a scrúdú de réir mar a bheadís ag imeacht anonn is anall ina dtáinte agus iad ag dul i llonghaireacht le himeacht aimsire. Lean an cine daonna leo ag imeacht anonn is anall ar fud an domhain, a ngnóthaí beaga féin ar siúl acu, agus gan dada ar domhan ag cur corabhuaise orthu; iad sásta suaimhneach ó tharla smacht agus forlámhas a bheith acu ar an uile rud beo is marbh. Is dócha gurb é an scéal céanna ag an *infusoria* faoin micreascóp é. Níor chuimhnigh duine ar bith riamh gur bhaol don chine daonna na sean-teanna, nó má chuimhnigh, ceapadh nach raibh ciall ná réasún leis an smaoineamh agus nár bh féidir is nár dhócha go mbeadh aon ní beo ar na reanna sin. Is maith is fiú cuid de thuarimí na laethanta úd a thabhairt i gcumhne arís. Má bhí corrdhuine ann a mheas gurbh fhéidir daoine a bheith ar Mhars bhí siad cinnte gur mheasa is gurbh uirleas iad ná sinn féin agus go mbeadh fáilte acu roimh éinne a chuirfimis ar misean chucu. Ach, thar dhuibheagán an spáis, bhí ag breathnú anuas orainn go santach créatúir a raibh an oiread difríochta idir a meabhair agus ár meabhairne agus atá idir meabhair an duine agus meabhair an

3

— CAIBIDIL 1 —

**An Gasúr a Tháinig Slán**

Bhí cónaí ar mhuintir Dursley in uimhir a ceathair Privet Drive, agus é le maofmh acu go raibh siad an-normálta go deo, agus iad breá sásta de. Ba iad an dream deireanach iad a samhólfaí rud ar bith air ná aduain leo, mar ní raibh luf ar bith acu le hamaidí den sórt sin.

Bhí Mr Dursley ina stiúthóir ar chomhlacht Grunnings, comhlacht déanta druilrí. Fear mór féitheogach feolmhar a bhí ann, gan muineál ar bith ab fhíú, ach croiméal mór millteach air. Bhí Mrs Dursley beag tanai, gruaig fhionn uirthi, agus dóthain beirte de mhúineál uirthi, agus gnó aici de agus í chomh minic sin ag breathnú thar bharr claíocha ag spaireacht ar na comharsana. Bhí maicín beag acu darbh ainm Dudley agus é, dar leo, ar ghasúr chomh breá is a bhí ar dhroim an domhain.

Bhí an saol ar a mian ag muintir Dursley, ach bhí rún dorcha acu chomh maith, agus ba é an t-aon fhaitíos a bhí orthu go rachadh duine éigin amach ar an rún céanna. Ní bheadh tógáil a gcinn acu go deo dá bhfaigheadh duine ar bith amach faoi na Potters. Ba dheirfiúracha iad Mrs Dursley agus Mrs Potter, ach bhí sé na blianta fada é casadh ar a chéile iad; le firinne, ba ghnách le Mrs Dursley lígean uirthi nach raibh aon deirfiúr aici, mar go raibh an deirfiúr sin agus an spreasán beag d'fhear céile aici chomh neamh-Dursleyúil lena bhfaca tú riamh. Thagadh criú ar a gcroí ag na Dursleys aon uair a smaoineoidís ar cad a bheadh le rí ag na comharsana dá nochfadh na Potters chucu sa tsráid. Bhí a fhios ag na Dursleys go raibh mac óg ag muintir Potter chomh maith, ach níor leag siad

**Cóisir gan Choinne**

I bpoll sa talamh a bhí cónaí ar hobad. Níor pholl gránna, salach, fíuach é, lán le péisteanna stróicthe agus le boladh láibe. Níor pholl tirim, lom, gainmheach a bhí ann ach an oiread, gan aon rud ann le n-íthe ná le sui síos air; poll hobaid ab ea é agus is ionann sin agus compord.

Bhí an doras cruinn ciorclach ar nós sleaspholl loinge, péint uaine air, agus murlán buí práis ina cheartlár. D'osclaíodh an doras isteach ar halla sorcóireach ar gheall le tollán é, tollán fíorchompordach gan deatach ar bith ann. Painéil adhmaid a bhí ar na ballaí, leacáin agus cairpéad ar an urlár agus bhí cathaoireacha ann mar aon le mórán crúcaí i gcomhair hataí agus cótaí—thaitníodh cuairteoirí go mór leis an hobad. Théadh an tollán ar aghaidh is ar aghaidh, ní go díreach ar fad, isteach i dtaobh an chnoic—An Cnoc, mar a thugadh gach uile dhuine ar feadh na mílte slí thart timpeall air—agus is iomaí doras cruinn a d'osclaíodh amach ón tollán, ar thaobh amháin ar dtús agus ansin ar an taobh eile. Níor mhaith le hobad ar bith dul suas agus teacht anuas staighrí: seomraí codlata, seomraí foltha, soiléir, lardrúis (a lán díobh sin), vardrúis (bhí seomraí iomlána aige gan tada iontu ach éadaí), cistiní, seomraí itheacháin, bhí siad sin go léir ar an aon urlár amháin, is ea, agus ar an aon phasáiste amháin. Is ar thaobh do lámhe clé (is tú ag dul isteach) a bhí na seomraí ab fhéarr, mar ba iad sin na haon seomraí a raibh fuinneoga iontu, fuinneoga ciorclacha, suite go domhain isteach, a d'fhéachadh amach ar an ngairdín, agus ar mhóinéir ar thaobh an chnoic lastall den ghairdín síos go dtí an abhainn.

Hobad an-deisiúil a bhí sa hobad seo agus Baigin an sloinne a bhí air. Bhí an Doras Cruinn Ciorclach ar aon taobh de an hobad agus




CAIBIDIL I

SÍOS POLL AN CHOINÍN


B'an-fhada le hEilís a bheith ina suí ar an mbruach i bhfochair a deirfear ó tharla nach raibh dada le Dia le déanamh aici. Bhí sí tar éis féachaint uair nó dhó isteach sa leabhar a bhí a deirfiúr a léamh ach ní raibh pictiúir ná comhrá cainte ann, agus nuair nach raibh, ní raibh aon spéis aici ann. "Cén mhaith leabhar," arsa Eilís léi féin, "gan pictiúir ná comhrá cainte?"

Bhí teas agus brothall an lae ag cur tuirse agus marbhántachta uirthi, agus bhí sí ag cuimhneamh, chomh maith is a bhí sí in ann, go mb'fhéidir gur bhí flúid di éirí agus ladhar nóimíní a bhailiú chun slabhra sí a dhéanamh díobh, nuair a rith coínín amach thairsti, coínín bán gléigeal agus dhá shúil dhearga ina cheann.

Is beag an t-iontas a bhí ansin; ná nior shíl Eilís gur an-aisteach an rud a bhí ann nuair a chuala sí an Coínín ag caint leis féin. "Muise, muise," a dúirt sé, "Is ródhéanach a bheith mé!" (Nuair a smaoinigh sí ar an scéal ina dhiaidh sin, rith sé



CAIBIDIL I: AN LEABHAR

 **CATHAIR** Ho Chi Minh sa samhradh. Agus a leithéid de bhrothall! Ar ndóigh ní chuirfeadh Artemis Fowl suas leis an míchompord murach ábhar an-tromchúiseach a bheith i gceist. Tromchúiseach ó thaobh an phlean de.

Níor réitigh an ghrian leis. Drochghné air fúithi. An snua súite as a chneas ag na huaireanta fada caite istigh aige os comhair an scáileáin. É chomh bán le vaimpír agus chomh cantalach céanna, geall leis, faoi sholas an lae.

'Tá súil agam nach turas in aisce arís é seo, a Bhuitléaraigh,' ar seisean go bog, de shiollaí siosctha. 'Go mór mór i ndiaidh eachtra úd Chaireo.'

Achasan taobh thiar den ghuth séimh. Ar ráite faisnéiseoir de chuid an Bhuitléaraigh a thug siad an turas ar an Éigipt.

'Ní hea, a dhuine uasail. Tá mé cinnte dearfa an iarraidh seo. Fear maith é Nguyen.'

☞ ☹ ☺ ☻ ☼ ☽ ☿ ☿ ☽ ☼ ☹ ☞



1

**HARISELDON**— ... rugadh sa bhliain 11,988 é, de réir Fhéilire na Bó Finne, fuair sé bás sa bhliain 12,069. Is gnách na dátaí seo a thabhairt de réir fhéilire na Fondúireachta mar 79 roimh bhunú na Fondúireachta go dtí na 1 i ndiaidh bhunú na Fondúireachta. Saolaíodh úd Helicon (áit a raibh a athair, mar a deir an seanchas, ag obair ina churadair tobac ag ceann de na plandálacha hidreaponaicha). Bhí sé go luath ag teacht i gceann mar mhatamaticeoir, agus an iliomad scéalta a n-insint faoina chuid éachtai; dháiríre, is minic na scéalta seo ag teacht salach ar a chéile. Deirtear nach raibh sé ach dhá bhliain d'aois agus é ábalta...


... Is é an t-éacht ba mhó a d'éirigh leis ná an tsíceastaraíocht. Ní raibh inti ach dormán teoirimí doiléire nuair a chuaigh sé a staidéar. Chuir sé dásbraibh d'áingean staitisticúil faoin mbrainse eolachta seo...

... Maidir le scéal a bheatha, is é an fhoinsé is tontaofa atá againn ná an bheathaisnéis le Gaal Dornick, ar casadh an matamaiticeoir mór air dhá bhliain roimh lá a bháis. An dóigh ar buaileadh le chéile iad an chéad uair...

CICLÍPEID NA BÓ FINNE\*


**Gaal Dornick** ab ainm dó, agus ní raibh ann ach fear óg ón tuath nach bhfaca Trantor riamh. Is é sin, ní fhaca sé an pláinéad le súile a chinn féin. In amanta, chonaic sé ar an hipifhíscéin é, nó ar na nuachtscannáin tritheoiseacha ó chorónú

\* Gach tagairt do Chiclípéid na Bó Finne de réir eagrán céad a sé dhéag a tháinig i gcló sa bhliain 1020 i ndiaidh bhunú na Fondúireachta. (Le caoinchead ó Fhoilseoir na Ciclípéide, Terminus.)



A hAon

Thit ceo agus gal anuas ar ardán an stáisiúin ag Underbury agus rinne siad taibhsi liatha de na fir agus de na mná. De bharr an cheo bhí baol ann go dtitfeadh daoine i measc na gcásanna agus na mboscaí móra taistil mar a thitfeadh créatúr isteach i ngaiste. Bhí an oíche ag éirí níos fuaire. Cheana féin, bhí clúdach éadrom seaca le feiceáil ar dhíon oifig na dticéad. Sa seomra feithimh, bhí boladh deannach dóite as na téitheoirí ach d'fhan na daoine gar




Caibidil 1  
Ocras

Bhí an t-aer fuar tais nuair a d'iompaigh Eibhlín sa leaba agus í ag iarraidh imeall na pluide a tharraingt aníos thar a guailí. Mhothaigh sí a deirfiúr bheag Peig ag bogadh taobh léi. Bhí Peig ag srannadh arís, mar a dhéanadh sí aon uair a bhíodh slaghán uirthi.

Bhí an tine beagnach as. Bhí deirge na gríosáí ag cur teolaíochta sa bhothán dorcha.

Bhí a máthair ag crónán go hiseal leis an mbabai. Bhí na súile dúnta ag Bríd bheag, agus cuma níos báine ná riamh ar a haghaidh agus í fillte i seál na máthar, agus greim docht aici ar dhual dá gruagí fhada dhonnra.

Bhí Bríd breoite — bhí a fhios acu go léir é. Taobh istigh den seál úd, bhí a corp róthanaí, agus a cneas bán, agus é róthe nó róthuar faoi do láimh. D'fháiscéadh an mháthair chuici í de lá is d'oíche mar a



CAIBIDIL I  
Sherlock Holmes

Ba bhfás le Sherlock Holmes éirí go han-déanach ar maidin óiche roimhe sin. Maidin áirithe bhí sé ina shuí chun boird agus é ag fuireach lena bhrícheasta. Sheas mé féin ar shúsa an tinteáin agus rug ar an mbata a d'fhág an cuairteoir a bhí againn an oíche roimhe sin. Blúire adhmaid breá tuubh ba ea é a raibh cnapán de cheann air, bata den sórt sin ar a dtugtar "dliodóir Penang". Direach faoi bhun an chnapáin bhí fáinne leathan airgid timpeall orlach ar leithead. Bhí "Do James Mortimer M.R.C.S., óna chairde sa C.C.H." greanta air, mar aon leis an dáta "1884". Ba é díreach an sórt bata é ba dhual do dhochtúir scanaimseartha iontaofa a iompar—gan aon ghaigíocht ag baint leis.

"Bhuel, a Watson, cad déarfá leis?"

Bhí Holmes ina shuí agus a dhroim liom agus ní raibh mé tar éis aon mhéar ar eolas ar mo ghnó a thabhairt dó.

"Conas a bhí a fhios agat cad a bhí mé a dhéanamh? Tá sé dian nó tá súile i gcúl do chinn?"

"Tá coréan forairgid snasta lán de chaife ar m'aghaidh amach anseo, pé seál é," ar seisean. "Ach féach, a Watson, cad a mheasann tú de bhata láimhe ár gcuairteora? Ós rud é go bhfuil sé de mhí-ádh orainn é féin a bheith ar iarraidh agus nach fíos dúinn cad a thug anseo é, is mór is lú an cuimhneachán atá againn de chioirainn. Aithris dom éagasc an fhir ar scríodú an bhata duit."

"Is dóigh liom," arsa mé féin, ag leanúint chomh maith agus a bhí ionam mhodhanna mo chompanáigh, "gur fear aosta le leigheas a bhíuil toradh agus meas ar a shaothar an Dochtúir Mortimer, mar gurb í seo an tuairisc atá amuigh air acu seo a bhíuil aithne cheart acu air."

AN LEON, AN BANDRAOI  
agus  
AN PRIOS ÉADAIGH



Scéal do Pháistí  
le  
C.S. LEWIS

Antain Mac Lochlainn a chuir Gaeilge air

Scéal an Oilithrigh

lognáid Loyola ina chuid focal féin



Alan Mac Eochagáin SJ a d'aistrigh

Freámh  
an Eolais

Ciclipéid eolaíochta  
agus teicneolaíochta

An tOllamh Matt Hussey

Lucy ag Amharc Isteach sa Phrios

Bhí ceathrar páistí ann uair amháin agus Peter, Susan, Edmund agus Lucy na hainmneacha a bhí orthu. Seo scéal faoi rud a tharla dóibh an t-am a cuireadh amach as Londain iad, nuair a bhí an cogadh ann agus nuair a bhí buamáí ag titim ar an chathair ón aer. Cuireadh go teach seandúine iad, Ollamh a bhí ina chónaí i gceartlár na tuaithe, deich míle ar shiúl ón stáisiún traenach agus dhá mhíle ó oifig an phoist. Níor phós an seandúine riamh agus bhí sé ina chónaí le bean tí darbh ainm Bean Mhic Riadaigh agus triúr searbhóntaí. (Ivy, Margaret agus Betty na hainmneacha a bhí orthu siúd, ach níl páirt mhór acusan sa scéal seo.) Duine aosta a bhí san Ollamh seo agus bhí grágán de ghruaig bhán air a chlúdaigh páirt mhór dá aghaidh agus de mhullach a chinn. Bhí dúil ag na páistí ann ar an chéad amharc, nó ar an dara hamharc ba cheart dom a rá, nó bhí cuma aisteach i gceart air an chéad oiche sin agus é ina sheasamh sa doras ag cur fáilte

Caibidil 1

Is é glór lognáid féin a chloisimid anseo agus é ina sheanfhear ag cuimhneamh siar ar aimsir a óige. Labhraíonn sé sa 3ú pearsa agus uaireanta déanann sé tagairt do féin mar 'an tOilithreach'.

1 Sula raibh sé sé bliana is fiche d'aois, duine an-tógtha le díomhaontais an tsaol a bhí ann. Bhí spéis as cuimse aige i gcleasa airm, agus baohmbhianta móra aige onóir a thuilleamh. Tráth dá shaol, agus é i ndún daingean a bhí á ionsaí ag na Francaigh<sup>1</sup>, bhí gach aon duine eile den bharúil gur cheart dóibh géilleadh, agus iad fós ina mbeatha, mar ba léir dóibh narbh fhéidir leo a gcosaint féin. Rinne seisean tréan díospóireachta leis an Mhéara gur chuir sé ina luf air gur cheart an fód a sheasamh in ainneoin aigne na rídírí uile. Fós féin b'ábhar sólais dóibh an chrogacht agus an fuinneamh a bhí ann. Ar theacht lá an bhataire rinne sé faoistin le duine dá chompánaigh airm. I ndiaidh gur mhair an bataire tamall maith, bhuaíl urchar gunna mhóir é agus scrios sé cos amháin go hiomlán. De bhri go ndeachaigh an caor ordanáis idir a dhá chos rinneadh díobháil don cheann eile fosta.

1. Nuair a tháinig Arm na Fraince a fhad le Pamplona i Mí na Bealtaine 1521 bhí formhór mhuintir na háite ar son an chathair a ghéilleadh láithreach. Ligeadh na Francaigh isteach sa chathair ach d'fhan fórsa beag Spáinneach sa dún daingean faoi cheannas Loyola a bhí sásta troid go bás ar son a Rí. Rinne sé a fhaostin le comrádaí dá chuid ó tharla nach raibh sagart ar fáil.

A

**Aalta, Hugo Henrik Alvar (1898-1976)** Ailtire is dearbhóir troscán a rugadh i gKuartane na Fionlainne. Chuir sé modhanna traidisiúnta a thíre in oiriúint don nua-aois agus rinne ceannródaíocht maidir le troscán feidhmeil, déanta as sraithadhad. Dhear sé fóirgnimh nua-aoiseacha phoiblí is tionsclaíochta.

**abacá** Snaithín a fhaightear ó ghas duilleoige i ngné Philipineach banana. Tugtar cnáib Mhainle air freisin. Léidir snámhach. In úsáid chun cáblaí is cairpéid a dhéanamh.

**abacac** Fráma simplí comhairimh don uimhriocht. I bhfoirm amháin, tá cnaipe áirimh inghluaisce ar bharráí comhthreomhara nó in eirí comhthreomhara. In úsáid thar chuid maith den Domhan leis na mílte bliain.

**Abbe, Cleveland (1836-1916)** Meitéareolaí ó Nua-Eabhrac. Scriobh sé mar gheall ar an atmaisféar is an aeráid. Freagrach as córas caighdeánach ama na Stát Aontuise a chur ar aghaidh.

**Abbe, Ernst (1840-1905)** Fisicé a saolaíodh in Eisenach na Gearmáine. Réitigh sé matamaitic na lionsaí sa mhicreascóp. Uaidh seo bhí sé in ann, i gcomhar le Otto Schott, lionsaí den chaighdeán is airde a tháirgeadh i gcomhair taighde san eolaíocht. Ina phlaiméir le Carl Zeiss ina chomhlacht cáiliúil optaice siúd, ina úinéir air tar éis bhás Zeiss i 1888.

**Abertan** Baile beag i gceantar mianach guail i Mertyr Tudful sa Bhreatain Bheag. Tharla tubaiste mianachabreacata scoil is títhe: maraíodh 144 duine, abacac bho...

bhí nó scothchorra, le bia timpeal ar chloch mhór an scála ollmhór é i gcuid n Meicseo is tíortha na Meán-shaohraithe ná na crain dhathanna is méideanna é éagsúla i rith na bliana.

**abhacréalta** Réalta ar aon nios lú. Ar ghráf de th difriúla i gcoime dearbhu formhór na réaltaí taobh fionnuartas doiléir is teo sheicheamh an réimse se réalta meánmhéide, i lár a nach bhfuil sa phríomhsí fuara iad na fathachréaltaí idionn a mbreosla go tap siad; réaltaí níos lú is e idionn a mbreosla go ma bhfad. Na habhacréaltaí i mhais na Gréine iad. Dá r an teocht sa chroileacán comhleá a chur ar siúl, ag a bheadh iontu.

**abhainn** Sruth uisce a bhí réasúnta caol ag brucha shruthán i dtalamh ard ó oighearshruth. Gluaiseant caincíl, agus fásann de r aibhneacha isteach inti, a móra go minic. Sna me

